

# Triail Dhroim Conrach don Léitheoireacht Ghaeilge An Dara Bliain Gaelcholáistí



## LEABHRÁN SAMPLACH

Caighdeánú  
Ná scríobh ar an leabhrán seo.

## Admhálacha

I gcás go bhfuil cóipcheart i gceist, rinneadh gach iarracht teagmháil a dhéanamh le húinéir an chóipchirt. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo seo a leanas:

### Téacs 1: Amlíne Iománaíochta

*Bunaithe ar alt tógtha ó [www.ceim.gaa.ie](http://www.ceim.gaa.ie)*

*Pictiúr: [www.tackytouristphotos.com](http://www.tackytouristphotos.com)*

### Téacs 2: Sách Sean

*Sliocht as gearrscéal le Catherine Johnson.*

*Sách Sean agus Scéalta eile*

*Cló Iar-Chonnacht*

## CLÁR

<b>Téacs 1: Amlíne Iománaíochta .....</b>	<b>4</b>
<b>Ceisteanna Foclóra 1: Comhchiallaigh .....</b>	<b>7</b>
<b>Téacs 2: Sách Sean.....</b>	<b>8</b>
<b>Ceisteanna Foclóra 2: Frithchiallaigh.....</b>	<b>11</b>

## Téacs 1: Amlíne Iománaíochta

11ú Céad: Cloisimid faoin iománaíocht den chéad uair ag Cath Mhaigh Tuireadh (Co. Mhaigh Eo) a tharla breis is 3000 bliain ó shin. Tharla an cath idir dhá threabh dhraíochta - na Fir Bolg agus na Tuatha Dé Danann - ag troid in aghaidh a chéile. Roimh an gcath, thug na Fir Bolg cuireadh do Thuatha Dé Danann cluiche iománaíochta a imirt ina n-aghaidh. Bhí 27 imreoir ar gach aon fhoireann sa chluiche. Bhuaigh na Fir Bolg an cluiche ach chaill siad an cath.

12ú céad: Miotas Setanta (an chéad taifead scríofa ar an iománaíocht). Bhí Setanta ag imirt iománaíochta nuair a mharaigh sé madra Chulainn. Dá bharr seo bhí air an obair a dhéanadh an madra a thógáil air féin agus glaoth Cú Chulainn air as sin amach.

12ú céad: Tháinig na Normannaigh agus ghlac siad cluiche na hiománaíochta chucu féin. Deirtear fúthu go raibh siad níos Gaelaí ná na Gaeil iad féin. Bhí an-suim acu sa chluiche.

1366: Cuireadh cosc ar iománaíocht a imirt faoi Reachtanna Chill Chainnigh, ach de bharr na suime a bhí ag na Normannaigh agus ag na Gaeil ann, níor éirigh rómhaith leis na dlíthe seo.

1631: Bhí an iománaíocht chomh coitianta sin gur cuireadh fineáil de 40 scilling ar éinne a bhí ag iomáint ar na sráideanna i gCorcaigh.

17ú céad: Níl mórán tagairtí d'iománaíocht mar gheall ar chathanna tromchúiseacha cosúil le Cath Cionn tSáile agus Cath na Bóinne.

18ú céad: Ré Órga na hIománaíochta. Fógraíodh cluichí ag an am seo agus go minic tugadh airgead mar dhuais do na buaiteoirí.

Éirí Amach 1798: Lagaíonn sé an iománaíocht.

Acht an Aontais 1800: Cailleann iománaíocht tuilleadh tacaíocht airgeadais agus sóisialta.

19ú céad: Bhí cúrsaí i gCúige Uladh chomh dian sin maidir leis an tSabóid gur cuireadh deireadh le hiománaíocht ar an Domhnach. Sa deisceart, bhí an cluiche á imirt i gcónaí ach ní raibh i gceist ach grúpaí beaga daoine.

1845: An Gorta Mór. Bhí ocras agus imirce forleathan. Ní raibh tábhacht le spórt a thuilleadh.

1869: Leagadh amach an chéad sraith rialacha chun iarracht a dhéanamh an cluiche a choinneáil beo.

1879: Bunaíodh Aontas Iománaíochta na hÉireann i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí Mícheál Ó Cíosóg, as Co. an Chláir é, ina chónaí i mBaile Átha Cliath, agus bhí spéis aige in athbheochan na hiománaíochta.

1883: Thosaigh Mícheál Ó Cíosóg ag eagrú cluichí i bPáirc an Fhionnuisce agus bunaíodh an 'Metropolitan Hurling Club'.

1884: CLG. Bunaíodh an Cumann Lúthchleas Gael.

1904: Bunaíodh an Cumann Camógaíochta.

1932: Imríodh an chéad chraobhchomórtas uile-Éireann sa chamógaíocht. Bhuaigh foireann Bhaile Átha Cliath ar fhoireann Chorcaí.

2011: Thug an Taoiseach Enda Kenny camán mar bhronntanas do Bharak Obama, Uachtarán na Stát Aontaithe, a tháinig go hÉirinn ar cuairt.



1. Cén toradh a bhí ar na heachtraí 3000 bliain ó shin?
    - A. Bhuaigh na Fir Bolg an cath ach chaill siad an cluiche iománaíochta.
    - B. Bhuaigh Tuatha Dé Danann an cath ach chaill siad an cluiche iománaíochta.
    - C. Bhuaigh na Fir Bolg an cath agus an cluiche iománaíochta.
    - D. Bhuaigh Tuatha Dé Danann an cath agus an cluiche iománaíochta.

---

  2. Cé chomh coitianta is a bhí an iománaíocht i rith an naoú haois déag?
    - A. Ní raibh sé coitianta ar chor ar bith.
    - B. Bhí sé an-choitianta.
    - C. Bhí líon na ndaoine a bhí á imirt ag fás de réir a chéile.
    - D. Níor imir éinne, ach amháin ar an Domhnach.

---

  3. Luaitear ceathrar san alt a raibh baint acu le hiománaíocht. Cén duine acu is mó a chuir an cluiche chun cinn?
    - A. Cú Chulainn.
    - B. Barack Obama.
    - C. Enda Kenny.
    - D. Mícheál Ó Cíosóig.

---

  4. Cé mhéad bliain a bhí ann idir bunú an chumainn camógaíochta agus imirt an chéad chraobh chluiche uile-Éireann sa chamógaíocht?
    - A. 28 bliain.
    - B. 2 bhliain.
    - C. 146 bliain.
    - D. 27 bliain.

---

  5. Cuireadh deireadh le himirt na hiománaíochta ar an Domhnach i gCúige Uladh ar feadh tréimhse. Cén fáth?
    - A. Mar bhí ar na himreoirí dul ar Aifreann agus ní raibh an t-am acu imirt.
    - B. Mar gheall ar rialacha a chuir cosc le spórt ar an tSabóid.
    - C. Mar bhí ar na himreoirí cuairt a thabhairt ar ghaolta leo.
    - D. Mar bhí ocras ar dhaoine, agus bhí go leor díobh imithe ar imirce.
-

6. Cén uair a tháinig athbheochan cheart ar an gcluiche?

- A. Sa dara haois déag.
  - B. Ag deireadh an naoú haois déag.
  - C. Ag tús an naoú haois déag.
  - D. In 2011.
- 

7. Cén tionchar a bhí ag Reachtanna Chill Chainnigh ar an gcluiche?

- A. Níor imir na daoine iománaíocht níos mó mar ní raibh cead acu.
  - B. Níor bhac na daoine leis na rialacha agus lean siad orthu ag imirt iománaíochta.
  - C. De bharr na reachtanna cuireadh tús le foireann Chill Chainnigh, a bhuaigh níos mó craobhacha na hÉireann ná aon chontae eile.
  - D. Stop na Normannaigh de bheith ag imirt, ach níor stop na Gaeil.
- 

8. Cén tsuim a léirigh na Normannaigh sa chluiche?

- A. Níor chuir siad aon suim ann.
  - B. Níor thaitin an cluiche leo agus chuir siad cosc iomlán leis.
  - C. Thaitin an cluiche go mór leo agus d'imir siad go minic é.
  - D. D'éirigh siad níos Gaelaí ná na Gaeil, ach thaitin an pheil ghaelach leo níos mó.
- 

9. Cén fáth ar thug Enda Kenny camán do Barack Obama, dar leat?

- A. Mar is comhartha troda idir an dá thír é.
  - B. Mar bhí sé ag iarraidh go dtosódh Obama ag imirt iománaíochta.
  - C. Mar bhí sé ag iarraidh iománaíocht a thosú i Meiriceá.
  - D. Mar is comhartha é de chultúr na hÉireann.
- 

10. Cén fáth nach raibh tábhacht ag baint le spórt nuair a bhí gorta in Éirinn?

- A. Mar bhí intinn na ndaoine dírithe ar fanacht beo, ní ar spórt.
  - B. Mar go raibh ocras ar na daoine, ní raibh fuinneamh acu le bheith ag imirt.
  - C. Mar go raibh an oiread sin daoine ag fáil bháis, ní raibh suim acu i rudaí éadroma.
  - D. Gach ceann de na cúiseanna thuas.
-

---

---

## Ceisteanna Foclóra 1: Comhchiallaigh

Marcáil an focal a bhfuil an chiall *is cóngaraí* aige don fhocal i gcló **trom**.

---

11. Cén focal thíos ag a bhfuil an chiall *is cóngaraí* don fhocal: **bun**?

- A. Barr
  - B. Taobh
  - C. Ard
  - D. Íseal
- 

12. Cén focal thíos a bhfuil an chiall *is cóngaraí* aige don fhocal: **ádh**?

- A. Rath
  - B. Áth
  - C. Luach
  - D. Duais
- 

13. Cén focal thíos ag a bhfuil an chiall *is cóngaraí* don fhocal: **méid**?

- A. Líon
  - B. Mór
  - C. Beag
  - D. Measarth
- 

14. Cén focal thíos a bhfuil an chiall *is cóngaraí* aige don fhocal: **fógair**?

- A. Clár
  - B. Féile
  - C. Fleá
  - D. Inis
- 

15. Cén focal thíos a bhfuil an chiall *is cóngaraí* aige don fhocal: **agallamh**?

- A. Scrúdú
  - B. Múinteoir
  - C. Post
  - D. Ceistiú
- 
-

## Téacs 2: Sách Sean

*Sliocht as gearrscéal le Catherine Johnson*

Tá Robert taobh amuigh de theach ósta an Yacht le Máirtín, Máirtín Sarah agus le Jason nuair a thagaim a fhad leo. Caithfidh mé labhairt leis – nílim in ann é a chur ar an méar fhada níos faide. Ceannaíonn sé deoch dom, agus deirimse go bhféadfaimis dul ar shiúlóid, agus deir seisean fanacht nóiméad, go bhfuil Máirtín ar tí pionta a cheannach dó, agus tá a fhios agam nach mbeimid in ann imeacht go ceann uair an chloig.

Agus fad atá sé ag ól agus ag caint faoi bhaoití, slait agus báid, táimse i mo shuí ansin ag smaoineamh, ní seo é, ní hé seo é. Ceann cipín atá sa duine seo. Seo é athair mo pháiste agus níl ciall ná réasún aige.

Siúlaim amach gan tada a insint dó. Siúlaim amach agus síos an bóthar thar an siopa atá ar an trá, agus thar na buicéid phlaisteacha agus thar na daoine atá ina suí ina gcuid carranna ag ithe sceallóg. Sroichim Áras na Seandaoine.

Tá Jean ag líonadh foirmeacha san oifig. “Tá tú luath, a stór, níl tú ag obair go dtí a cúig.” Tagann meangadh ar mo bhéal agus deirim léi go bhfuilim tagtha anseo ar cuairt agus deir sí “Sin é do rogha, a stór. Ní thiocfainnse ar ais choíche ach amháin go bhfuil siad do m’íoc as.”

Tá Mrs. Williams ina suí sa seomra lae agus tá quizchlár éigin i mbarr a réime ar an teilifís. Suím síos lena hais. “Mrs. Williams,” a deirim.

“Tá tú luath, a chailín,” a deir sí. “An bhfuil tae ann?”

“Níl, ar cuairt atáim.” Féachann sí orm amhail is dá mbeinn níos simplí ná óinseach.

“Céard atá uait?” a deir sí amach díreach agus táimse chomh neirbhíseach sin. Níl aon duine ag breathnú, níl ann ach go bhfuil gach duine ag stánadh agus ag stánadh ar an teilifís, go tostach.

“Abair amach é.”

Céard is féidir liom a rá? Teastaíonn €300 uaim do ghinmhilleadh. Tá a fhios agam nach bhfuil aithne agat orm ach níl mé in ann ceist a chur ar dhuine ar bith eile. Osclaíonn mo bhéal, agus dúnann.

“Dúirt mé cheana leat, má tá brí ar bith ionat, imeacht amach as an áit seo, anois.”

“Sin an fhadhb,” a deirimse, “táim ag súil. Táim seacht mbliana déag agus táim ag súil.”

“Cheap mé go raibh oideachas gnéis acu sna scoileanna na laethanta seo.”

“Fuist!” Tá imní orm go gcloisfidh bean de na mná oibre í.

“Teastaíonn airgead uaim,” a deirimse, m’aghaidh ar lasadh.

“Cheap mé go raibh seirbhís sláinte de chineál éigin sa tír seo fós,” ar sí.

“Teastaíonn obráid uaim anois,” a deirim. “Tusa an t-aon duine, an t-aon duine saibhir...” Déanann Mrs. Williams gáire, ach táimse i ngéarchéim. “Tusa an t-aon duine!”

Ní deir sí tada. Suíonn sí siar ina cathaoir agus meangadh uirthi. Óinseach, a smaoiním, óinseach. Cheap mé gur thaitin mé léi - beagán, ar aon nós. D’fhéadfainn é a ghoid uaithi aréir i ngan fhios di agus ní bheadh a fhios aici choíche. Óinseach.

“Tá tú ag fáil bháis, ar aon nós,” a deirim go binb. Agus is amhlaidh a mhéadaíonn an meangadh ar a béal.

“Agus tusa freisin, a chailín, agus go han-sciobtha má fhanann tú i bhfad anseo.” Óinseach, a smaoiním.

Táim ar ais sa bhaile, am tae. Tá cleachtadh snámha ag mo dheirfiúr.

Deir Mam, “Anois, anois, a Natalie, caithfidh tú rud éigin a ithe.” Brúim thart ar an bpláta é. Tá Mam ag cur uirthi a bróga agus ag cuardach a heochracha.

“Ith suas é sin, a Natalie, nó beidh tú mall do do chuid oibre.”

“A Mhaim,” a deirim, “táim ag súil le páiste.”



16. Cén t-ainm atá ar bhuachaill an údair?

- A. Jason
  - B. Máirtín
  - C. Robert
  - D. Máirtín Sarah
- 

17. Cén príomh-fhát ar roghnaigh an t-údar Mrs. Williams le hairgead a iarraidh uirthi?

- A. Mar ba sheandúine í agus shíl sí go mbeadh sí flaithiúil.
  - B. Mar bhí sí saibhir.
  - C. Mar bhí sí ar tí bás a fháil.
  - D. Mar ba sheanchara lena mam í.
- 

18. Cá raibh a deirfiúr ag dul ag deireadh an téacs?

- A. Ag snámh
  - B. Ag damhsa
  - C. Ag obair
  - D. Ag ithe dinnéir
- 

19. Cén fáth a bhfuil airgead ag teastáil ón údar?

- A. Le himeacht as an gceantar
  - B. Le bronntanas a cheannach dá mam
  - C. Le ginmhilleadh a fháil
  - D. Le saoire a fháil di féin agus dá buachaill.
- 

20. Tugann sí “ceann cipín” ar a buachaill. Ciallaíonn sé seo:

- A. Amadán
  - B. Go bhfuil hata déanta as tuí ar a cheann
  - C. Go bhfuil cosa tanaí aige
  - D. Laoch álainn
-

21. Conas a mhothaíonn Jean, dar leat, nuair a fheiceann sí an t-údar ag teacht isteach ar cuairt?
- A. Iontas, mar nach dtiocfadh sí féin isteach riamh go deonach.
  - B. Fearg, mar ní maith léi go bhfuil an t-údar ag teacht isteach go deonach.
  - C. Brón, mar níl aon áit eile le dul ag an údar.
  - D. Faoiseamh, mar gur féidir léi féin imeacht go luath anois.
- 

22. “Nílím in ann é a chur ar an méar fhada níos faide”. Ciallaíonn sé seo:
- A. Ní féidir liom labhairt leis níos mó.
  - B. Ní féidir liom smaoineamh faoi níos mó.
  - C. Ní féidir liom é a chur ar athló níos mó.
  - D. Ní féidir liom cur suas leis an mífhoighne níos mó.
- 

23. Conas a mhothaíonn an buachaill nuair a chloiseann sé go mbeidh sé ina athair?
- A. Tá áthas agus bród air go mbeidh páiste aige.
  - B. Tá eagla air roimh an bhfreagracht mhór.
  - C. Tá uafás air gur tharla sé agus nach raibh sé níos cúramaí.
  - D. Ní chloiseann sé go mbeidh sé ina athair.
- 

24. Cén freagra a thugann Mrs. Williams, nuair a thugann an t-údar le fios gurb í Mrs. Williams an t-aon duine saibhir a bhfuil aithne aici uirthi.
- A. Tugann sí freagra feargach uirthi.
  - B. Léiríonn sí trua di le freagra tuisceanach.
  - C. Léiríonn sí go bhfuil áthas uirthi mar gheall ar an bpáiste.
  - D. Ní thugann sí freagra ar bith ach déanann sí gáire beag.
- 

25. Cad a léiríonn an téacs faoi dhearcadh an chailín i leith an toirchis?
- A. Go bhfuil sí an-sásta faoi agus ag tnúth go mór leis.
  - B. Go bhfuil fearg uirthi lena buachaill, nach raibh sé níos cúramaí.
  - C. Go bhfuil sí cailte agus nach bhfuil tuairim aici cad ba chóir di a dhéanamh.
  - D. Go bhfuil muinín iomlán aici as a buachaill, agus grá mór aici dó.
-

---

---

## Ceisteanna Foclóra 2: Frithchiallaigh

Marcáil an focal a bhfuil *a mhalairt* de chiall aige ón bhfocal i gcló **trom**.

---

26. Cén focal a bhfuil *a mhalairt* de chiall aige ó: **tosaigh?**

- A. Tarraing
- B. Críochnaigh
- C. Timpeallaigh
- D. Balún

---

27. Cén focal a bhfuil *a mhalairt* de chiall aige ó: **fíor?**

- A. Faigh
- B. Fís
- C. Bréagach
- D. Íomhá

---

28. Cén focal a bhfuil *a mhalairt* de chiall aige ó: **leáite?**

- A. Millte
- B. Reoite
- C. Scriosta
- D. Rite

---

29. Cén focal a bhfuil *a mhalairt* de chiall aige ó: **míshásamh?**

- A. Sotal
- B. Searbhas
- C. Sonas
- D. Maithiúnas

---

30. Cén focal a bhfuil *a mhalairt* de chiall aige ó: **buan?**

- A. Siosarnach
  - B. Sealadach
  - C. Tráthúil
  - D. Roghnach
- 
-